



Rialaitheoir Chéadleibhéil Sinsearach (Grád V)

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ag iarraidh duine a earcú anois do phost lánaimseartha buan Rialaitheoir Chéadleibhéil Sinsearach (Grád V) le haghaidh chlár/thionscadail chistithe Interreg laistigh de Rannán Clár an AE.

An Post

Beidh na dualgais seo a leanas i gceist le tuairisciú a dhéanamh leis an Iniúchóir (Grád VII):

- Éilimh ar chaiteachas a phróiseáil agus a bhreithmheas a dhéanann Tionscadail ETC;
- Seiceálacha fíoraíthe a dhéanann ar chaiteachas dearbhaithe, spotseiceálacha san áireamh;
- Cabhrú le bainistíocht airgeadais;
- Déileáil le fiosrúcháin a dhéanann tionscadail fhaofa agus comhpháirtithe tionscadail;
- Cabhrú leis an Iniúchóir nó le hoifigigh eile shinsearacha

An Duine

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí dea-oilte, ba cheart go mbeadh sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide acu agus go mbeidís in ann déileáil le daoine i measc réimse eagraíochtaí. Caithfidh cáilíocht ábhartha chuntasaíochta/airgeadais agus/nó taithí ábhartha ar a laghad dhá bhliain a bheith ag an iarrthóir i limistéar an airgeadais/na hiniúcháireachta agus nósanna imeachta airgeadais. Tá caighdeán maith de thaithí ar eagrú oifige inmhianaithe freisin. Ba cheart go mbeadh eolas sásúil ag iarrthóirí ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí in Éirinn agus tuiscint phraiticiúil ar shaincheisteanna geilleagracha, sóisialta agus fisiciúla forbartha ar leibhéal AE, náisiúnta agus réigiúnach. Tá eolas agus taithí ar chlár a chistíonn an AE inmhianaithe, eolas ar Chistí Struchtúracha agus/nó ar chomhar trasteorann, trasnáisiúnta nó idir-réigiúnach, ach go háirithe, agus is amhlaidh atá eolas agus taithí ar bhainistíocht airgeadais.

Tuarastal

€43,633 - €52,401 sa bhliain atá mar thuarastal ar an bpost seo (Breisiú Fadseirbhíse san áireamh).

Beidh feidhm ag Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil leis an bpost seo.

Suíomh

Tá Ceanncheathrú an Tionóil suite i gCathair Phort Láirge

Dáta Deiridh

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil ná **Déardaoin, an 3 Nollaig 2020**

Tuilleadh Sonraí

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí a íoslódáil ón suíomh idirlín www.southernassembly.ie nó a fháil ó **Ríomhphost:** hr@southernassembly.ie

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt tiomanta do bheartas comhionannas deise

